Foirm 53P

**COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT**

**FOIRM IARRATAIS LE BHEITH CEAPTHA MAR SCRÚDAITHEOIR/MONATÓIR DO SCRÚDUITHE PRAITICIÚLA / OBAIR CHÚRSA PHRAITICIÚIL / TIONSCADAIL NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2025**

**Ceangail grianfhraf leis seo. Éigeantach**

**1.** Luaigh thíos, **de réir do rogha** (1, 2, 3 etc.), an t-ábhar/na hábhair agus scrúdú inar mian leat a bheith curtha san áireamh le haghaidh ceapacháin..

**ARDTEISTIMÉIREACHT**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Staidéar Foirgníochta - Praiticiúil | | Ealaín - Praiticiúil (féach nótaí) | | Ceol - Praiticiúil | |
| Staidéar Foirgníochta - Tionscadal | | Teicneolaíocht – Obair Chúrsa | | Ríomheolaíocht | |
| Innealtóireacht - Tionscadal | | Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide – Obair Chúrsa | | Corpoideachas - TFC | |
| Innealtóireacht - Praiticiúil | | Eacnamaíocht Bhaile E&S – Obair Chúrsa Teicstíle | | Corpoideachas - MF | |
| GCAT – Punann d'Obair Chúrsa | | | | | |

**2. Uimhir P.S.P. Faoi láthair** ____________ **Roimhe seo, más ann dó** ____________

Sloinne ____________ Céadainm(neacha) ____________

| Seoladh i rith an Téarma ó Mheán Fómhair 2024 go Bealtaine 2025 | Seoladh don Chomhfhreagras * ó Mheitheamh go Lúnasa 2025 |
|---|---|
| ____________ | ____________ |
| ____________ | ____________ |
| ____________Éirchód: ____________ | ____________Éirchód: ____________ |

**Ná comhlánaigh ach amháin má tá sé éagsúla leis an Seoladh i rith an Téarma*

Seoladh r-phoist: ____________ Baile is gaire agus Fad (ón Teach go dtí an baile is gaire) ____________

Dáta Breithe ____________ Fón (Sa bhaile) ____________ (Ar obair) ____________ Fón Póca ____________

**Uimh. Chláraithe na Comhairle Múinteoireachta** ____________ ***Féach Nótaí** **Dáta Athnuachana:** ____________

**Ainm iomlán mar atá sé ar Chlár na Múinteoirí leis an gComhairle Mhúinteoireachta, má tá sé éagsúil:**

Ainm Iomlán: ____________ **Cuir tic anseo mura bhfuil tú cláraithe:** ☐

Beidh sonraí cláraithe faoi réir deimhnithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann.

**3.** An bhfuil tú **cumasach** agus **toilteanach** scrúdú a chur i **scoil lán-Ghaeilge**, i.e. an seisiún treorach a reáchtáil agus caidreamh a dhéanamh le húdaráis scoileanna as Gaeilge? Tá ☐ Níl ☐

**4. Scoil Reatha:** ____________ Uimhir Rolla na Scoile ____________

**Taithí Mhúinteoireachta** (Cuir Isteach an Scoil Reatha)

| Ainm & Uimhir Rolla na Scoile Reatha | Cumas (FT, PWT, TWT, EPT, PT) | Líon na mBlianta ag Teagasc | Uaireanta ag teagasc ábhair in aghaidh na seachtaine |
|---|---|---|---|
| | | | |
| Ainmneacha & Uimhir Rolla na Scoileanna Roimhe seo | Cumas (FT, PWT, TWT, EPT, PT) | Líon na mBlianta ag Teagasc | Uaireanta ag teagasc ábhair in aghaidh na seachtaine |
| | | | |
| | | | |

**5.** Má cheaptar tú mar scrúdaitheoir ar cuairt an mbeidh carr agat lena úsáid? Beidh ☐ Ní bheidh ☐

Aon eolas breise a bhainfeadh le d'iarratas:

____________

**6.** Taithí roimhe seo mar Scrúdaitheoir:

| Luaigh le do thoil na blianta mar Scrúdaitheoir sna Scrúduithe Stáit: | | | |
|---|---|---|---|
| Scrúdú Praiticiúil | Scrúdú Scríofa | Ábhair | Leibhéal (Ard/Gnáth/Bonn/Comh), más bainteach |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**7.** An bhfuil **neasghaol** agat atá ag déanamh na hArdteistiméireachta in 2025? Tá ☐ Níl ☐

Más Tá atá ann, tabhair na sonraí iomlána thíos:

| Ainm Iomlán | Ainm & Seoladh na Scoile | Dáta Breithe | Scrúdú | Gaol leat |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |

**8.**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An bhfuil tú ar scor? | Tá | ☐ | Níl | ☐ | Bliain | ☐ |
| An bhfuil Pinsean Míchumais á fháil agat? | Tá | ☐ | Níl | ☐ | | |
| Ar bhain tú leas as an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí? | Bhain | ☐ | Níor bhain | ☐ | | |
| Má bhain, cén snáithe faoina ndeachaigh tú ar scor: | Snáithe 1 | ☐ | Snáithe 2 | ☐ | Snáithe 3 | ☐ |

**9.** Cáilíocht(aí) ollscoile agus cáilíochtaí teagaisc eile

| Cáilíocht | Ainm na hOllscoile | Céim a fuarthas | Bliain | Ábhair deiridh ag Leibhéal na Céime | Onór./Gin. | Grád na nOnór. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bunchéim<br>Céim(eanna) eile | | | | | | |
| Dioplóma(í) | | | | | | |

**10.**

| Ábhair atá á dteagasc faoi láthair: | | | | | | | Ábhair a bhí á dteagasc sna blianta roimhe seo: | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ábhar | Bliain an Chúrsa | **Cuir isteach líon na mblianta ag teagasc** | | | | | Ábhar | **Cuir isteach líon na mblianta ag teagasc** | | | | |
| | | Sraith Shóisearach | | | Ardteist | | | Sraith Shóisearach | | | Ardteist | |
| | | A.L. | G.L. | C.L. | A.L. | G.L. | | A.L. | G.L. | C.L. | A.L. | G.L. |
| | 1 | | | | | | | | | | | |
| | 2 | | | | | | | | | | | |
| | 3 | | | | | | | | | | | |

**Deimhniúchán ón iarratasóir**

Deimhním leis seo go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam i gceart agus go gcuirfidh mé in iúl don CSS maidir le haon athruithe a dhéantar air. Toilím go ndéanann an CSS mó chuid sonraí pearsanta a phróiseáil de réir mar is gá chun crích an iarratais seo agus má tharlaíonn aon cheapachán ina dhiaidh seo. Aithním go bhforchoimeádann an CSS an ceart chun an t-eolas a chuirtear ar fáil lena n-áirítear mo cháilíochtaí a dhearbhú. Tuigim nach féidir liom eolas maidir le feidhmíocht iarrthóirí a sceitheadh le duine ar bith eile seachas an CSS.

Sínithe: ……………………………………………………………………. Dáta: ……………………………………………...

**Deimhniúchán le bheith sínithe ag Bainisteoir/Príomhoide/P.O.F.**

Deimhním leis seo go bhfuilim réidh, más gá, an t-iarratasóir seo a scaoileadh ó dhualgais scoile ionas go mbeidh sé/sí in ann dualgais scrúdaithe/comhdhála a chur i gcrích má cheaptar mar Scrúdaitheoir/Scrúdaitheoir Ionaid é/í.

Síniú an Phríomhoide/an Bhainisteora/P.O.F: ………………………………………………..…………

Dáta……………………………….

Stampa na Scoile nó an BOO de réir mar is cuí.

**Scrúdaitheoir Scrúduithe Praiticiúla na hArdteistiméireachta, 2025**

**NÓTAÍ MAIDIR LE hEOLAS FAOI NA hIARRTHÓIRÍ LENA nÁIRÍTEAR NA COINNÍOLLACHA CEAPACHÁIN**

1. Is iarratas nua é seo – léigh na nótaí **ar fad** agus comhlánaigh an fhoirm ina hiomláine.
2. Ní mór grianghraf pas a cheangal leis an bhfoirm iarratais mar atá iarrtha.
3. *Ní mór go mbeadh na hiarratasóirí uile cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta – féach thíos anseo.*

**Clárú na Comhairle Múinteoireachta**
Tá sé éigeantach anois go mbeidh gach duine atá le dul i mbun poist mar Scrúdaitheoir Béaltrialacha/Trialacha Praiticiúla do scrúduithe 2025 agus sna blianta ina dhiaidh sin cláraithe ar Chlár na Múinteoirí atá á choinneáil ag an gComhairle Mhúinteoireachta le bheith in ann an tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 a chomhlíonadh.

***Cad atá le déanamh má táim cláraithe?***
*Comhlánaigh do shonraí clárúcháin – uimhir chláraithe, d'ainm mar atá sé ar an gclár agus an dáta athnuachana – ar an bhfoirm iarratais. Déanfaidh an CSS na sonraí clárúcháin a dhearbhú i gcoinne an chláir. Déan cinnte de le do thoil go gcomhlánaíonn tú na sonraí seo mar má theipeann ort é sin a dhéanamh d'fhéadfadh moill a bheith ann le d'iarratas a phróiseáil.* ***Má tá tú cláraithe nuair a dhéanann tú iarratas agus má cheaptar tú ina dhiaidh sin, tá an fhreagracht ortsa a chinntiú nach dtéann do chlárú in éag agus go mbeidh tú cláraithe ag am na scrúduithe.***

***Cad atá le déanamh mura bhfuilim cláraithe?***
*Comhlánaigh an fhoirm iarratais don phost mar Scrúdaitheoir Béaltrialacha/Trialacha Praiticiúla ar an ngnáthbhealach ach cuir in iúl nach bhfuil tú cláraithe. Cuir an fhoirm ar ais go dtí an CSS ar an ngnáthbhealach. Ach, ní mór duit* ***iarratas a dhéanamh láithreach bonn*** *chuig an gComhairle Mhúinteoireachta le haghaidh clárúcháin agus ní mór go mbeidh na sonraí clárúcháin curtha isteach agat sula ndéantar na ceapacháin in 2025.*

***Eolas Tábhachtach faoin bPróiseas Clárúcháin***
*Tá an fhreagracht ar gach iarratasóir é/í féin a chinntiú go bhfuil sé/sí ar Chlár na Múinteoirí agus a (h)uimhir chláraithe a chur ar fáil don CSS, nuair a iarrtar í.* Seans go nglacfaidh an próiseas clárúcháin, lena n-áirítear próiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, 6-8 seachtaine nuair atá na doiciméid ar fad atá ag teastáil faighte. *Moltar d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar chlárú láithreach bonn. Tá eolas faoin bpróiseas clárúcháin, sonraí na dtáillí clárúcháin san áireamh, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta* www.teachingcouncil.ie. *Ní ghlacfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haon dliteanas as táillí clárúcháin múinteoirí ná as éagumas iarratasóra ar bith leis an riachtanas clárúcháin nó grinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama shonraithe.*

4. Breathnófar ar cheapachán don phost mar Scrúdaitheoir do thrialacha praiticiúla na hArdteistiméireachta mar chonradh seirbhíse. Beidh ar na scrúdaitheoirí obair go lánaimseartha thar thréimhse an cheapacháin.
5. Beidh ar na scrúdaitheoirí uile freastal ar chomhdháil oiliúna ar feadh na tréimhse iomláine sula dtosaíonn siad an scrúdúchán.
6. Má cheaptar tú mar scrúdaitheoir in aon bhliain áirithe ní bhronntar an ceart ort le bheith ceaptha sna blianta ina dhiaidh sin.
7. Má theipeann ort cloí go hiomlán le treoracha CSS nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann slándáil nó slánchúis na scrúduithe i mbaol nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann gnóthachtáil na n-iarrthóirí i mbaol, beidh tú do do chur féin ar shlí do bhriste agus is féidir go ndiúltófar tú a cheapadh arís sa todhchaí. Má bhristear as do phost thú ní bheidh aon éileamh agat in aghaidh CSS ar íocaíocht ná ar speansais.
8. Tá sé i gceist ceapacháin scrúdaitheoirí trialacha praiticiúla a eisiúint de réir mar is gá i rith 2025.
9. Agus Scrúdaitheoirí/Monatóirí á gceapadh do thionscadal/obair chúrsa phraiticiúil, tabharfar tús áite do na hiarratasóirí sin a rinne iarratas freisin leis na comhpháirteanna scrúdaithe scríofa a mharcáil.
10. Is gá do na scrúdaitheoirí uile a n-uimhir fón póca agus a seoladh ríomhphoist reatha a chur ar fáil mar b'fhéidir go mbeidh orainn teagmháil a dhéanamh leat roimh an bpróiseas marcála nó lena linn.

11. Íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála i gcomhréir leis na rialacháin a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an gCuid faoi *Eolas don Fhoireann ar Conradh* ag www.examinations.ie.

12. Déanfar na híocaíochtaí uile mar thoradh ar an gceapachán seo trí chóras ríomhaistrithe airgid (i.e. Paypath). Baileoimid do shonraí bainc níos déanaí. Níl sé indéanta íocaíocht eile a eagrú seachas chuig cuntas bainc, dá bhrí sin mar choinníoll den fhostaíocht is gá glacadh le híocaíocht chuig cuntas bainc.

13. Má theipeann ort Treoracha an CSS a chomhlíonadh go hiomlán, nó má ghníomhaíonn tú ar bhealach a chuireann slándáil nó caighdeán na scrúduithe i mbaol nó má ghníomhaíonn tú ar bhealach a chuireann feidhmíocht na n-iarrthóirí i mbaol, tá tú dlite le bheith briste as post agus b'fhéidir go ndéanfar tú a dhiúltú le haghaidh aon cheapacháin amach anseo. Má bhristear tú as post, ní bheidh aon éileamh agat ar chor ar bith i gcoinne an CSS ar luach saothair ná ar chostais.

14. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara, go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na hiarratais uile a mheas go cothrom agus go neamhchlaonta. Dícháileofar iarratasóirí a thugann eolas mícheart. Má dhéantar canbhasáil, dícháileofar an t-iarratas.

15. **Níl** na daoine seo a leanas incháilithe le bheith ceaptha ná le dul i mbun dualgas scrúdúcháin:
    (a) Múinteoirí neamhchláraithe (i.e. iad siúd nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta).
    (b) Múinteoirí a ghlac le luathscor faoi Shnáithe 1 den Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí.
    (c) Múinteoirí atá ar Shaoire Mháithreachtais Reachtúil íoctha ag am na gComhdhálacha nó le linn na tréimhse Scrúdúcháin.
    (d) Múinteoirí atá ar shaoire bhreoiteachta íoctha/neamhíoctha.
    (e) Múinteoirí atá ar Shaoire ar Fionraí/Riaracháin.
    (f) Múinteoirí a bhfuil pinsean míchumais á fháil acu.*
    * Cuirfear iarratais ó mhúinteoirí a bhfuil pinsean míchumais á fháil acu san áireamh má fhaightear foirm tuairisce leighis chomhlánaithe. Tá an fhoirm seo ar fáil ach í a iarraidh ó (090) 644 2864/2752 nó sa Chuid faoi Earcaíocht ag www.examinations.ie.

16. Má tharlaíonn sé, tar éis a dheimhniú go bhfuil tú ag glacadh leis an gceapachán, nach mbeidh tú ar fáil, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an CSS láithreach bonn ar an bhfón agus a dheimhniú nach bhfuil tú ar fáil ar litir, facs nó ríomhphost. Ar an gcaoi chéanna, má tharlaíonn aon athruithe i do chuid cúinsí (féach nóta 15), tar éis a dheimhniú go bhfuil tú ag glacadh leis an gceapachán, a dhéanfá neamh-incháilithe don cheapachán, ní mór duit é sin a chur in iúl don CSS láithreach bonn.

17. Má cheapann scrúdaitheoir go bhféadfadh a t(h)asc oibre cosc a chur ar a c(h)umas chun a d(h)ualgais a fheidhmiú ar bhealach cothrom agus oibiachtúil, ba chóir dó/di an fhadhb seo a chur faoi bhráid na Rannóige cuí de Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus sonraí a thabhairt. Áit a bhfuil an CSS sásta, ar bhonn an eolais a cuireadh ar fáil agus ar na fiosruithe atá déanta aige go bhféadfaí cur as d'fheidhmíocht an scrúdaitheora, déanfar gach iarracht chun an fhadhb a réiteach tríd an scrúdaitheoir a athshannadh.

18. Ba chóir an fhoirm iarratais chomhlánaithe ar sheoladh chuig "Rannóg na dTrialacha Praiticiúla, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65". Ba chóir go sroichfeadh sí an Coimisiún tráth nach déanaí ná an **17ú Eanáir 2025.** Leanfar ar aghaidh ag glacadh le hiarratais tar éis an dáta deiridh. Ach, ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh ach amháin má tá folúntais fós ann tar éis tairisicintí ceapacháin a dhéanamh do na hiarratasóirí oiriunacha a raibh a n-iarratais faighte roimh an dáta deiridh. Ní mór tacaíocht de theastas postais a bheith in éineacht le haon mhaíomh gur cailleadh í sa phost nó go raibh moill leis an bpost. Ní mór postas a íoc ar na hiarratais uile.

**Nó**

De rogha eile, is féidir cóip scanta shínithe den fhoirm iarratais a chur ar ríomhphost chuig practicals@examinations.ie

19. **Cosaint Sonraí:** Is rialaitheoir sonraí cláraithe é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. *Déanfar na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil san fhoirm iarratais a phróiseáil i gcomhréir le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.*

    *Déanfaidh an CSS na sonraí seo a phróiseáil chun críche riarachán d'iarratais ar phost foirne ar conradh leis an CSS. Má cheapaimid tú sa ról seo, déanfaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil i riarachán do chonartha leis an CSS. Clúdaíonn sé seo do ról ceaptha agus dualgais a riar i dtaca leis na scrúduithe stáit [lena n-áirítear, de réir mar is cuí, ag déanamh socruithe le haghaidh; forbairt na n-ionstraimí trialacha; eagrú agus seachadadh na scrúduithe; marcáil na hoibre a chuireann na hIarrthóirí i láthair; etc.]. Bainfimid úsáid as na sonraí seo freisin le híocaíochtaí a dhéanamh leat i leith do chonartha. Coinneoimid do chuid sonraí freisin agus b'fhéidir go mbainfimid úsáid as na sonraí seo ó am go ham chun teagmháil a dhéanamh leat lena chur in iúl duit faoi dheiseanna earcaíochta le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.* Is féidir teacht ar mhionsonraí faoi Fhógra um Chosaint Sonraí Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar ár suíomh gréasáin https://www.examinations.ie/data-protection/.

***EALAÍN - PRAITICIÚIL – AN GÁ LE LEASÚ A DHÉANAMH LEIS AN tSONRAÍOCHT NUA A CHUR SAN ÁIREAMH***

*I gcomhréir leis an gcreat measúnachta leasaithe d'Ealaín na hArdteistiméireachta, déanfar an obair chúrsa phraiticiúil/na comhpháirteanna praiticiúla a scrúdú i scoileanna i mí an Mheithimh.*

***GCAT***

*Déanfar Punann obair chúrsa an GCAT a mharcáil aisti féin seachas leis an bpáipéar scríofa. An tréimhse mharcála a bheidh ann do Phunann an obair chúrsa in 2025 ón 29 Márta go dtí an 02 Bealtaine 2025.*

*Ba chóir na hiarratais le comhpháirt scríofa an ábhair seo a mharcáil a chur isteach ar an bhfoirm iarratais do scrúdaitheoirí scríofa a bheidh ar fáil ar www.examinations.ie*

***ROCHTAIN IARRTHÓRA AR MHARCANNA BÉALTRIALACHA/TRIALACHA PRAITICIÚLA – NUA Ó 2019***

*Leanfaidh an CSS ag cur rochtana ar fáil d'iarrthóirí scrúdaithe ar a mharcanna comhpháirteanna, lena n-áirítear marcanna béaltrialacha agus trialacha praiticiúla, tar éis na torthaí sealadacha a eisiúint roimh dhátaí deiridh achomhairc na hArdteistiméireachta agus na Sraithe Sóisearaí. Is é an marc a chuirtear ar fáil do gach comhpháirt ná an marc a bheidh údaraithe ag an bPríomhscrúdaitheoir agus a dhéanfar a chreidiúnú don iarrthóir chun críche an grád a ríomh. (In ábhair áirithe, beidh an marc a bhronn an scrúdaitheoir tar éis a bheith faoi réir próisis mhodhnóireachta mar chuid de chaighdeánú obair na scrúdaitheoirí agus/nó d'fhéadfadh an marc a bheith faoi réir ualaithe a cuireadh i bhfeidhm ar an gcomhpháirt sin mar chuid den phróiseas grádaithe.) Tá an t-eolas seo á chur ar fáil d'iarrthóirí i spiorad na reachtaíochta um Chosaint Sonraí a chiallaíonn gur féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh chuig an CSS le rochtain a dhéanamh ar chóipeanna dá sonraí pearsanta uile lena n-áirítear a scripteanna scrúdaithe.*